C/2024/4402

8.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11604 — MONTAGU / TA ASSOCIATES / HARVEST)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4402)

1. An 27 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Montagu Private Equity LLP ('Montagu', an Ríocht Aontaithe),

— TA Associates Management, L.P. ('TA Associates', na Stáit Aontaithe),

— Harvest group ('Harvest', an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh an ghrúpa Rothschild & Co (an Fhrainc) faoi láthair.

Gheobhaidh Montagu agus TA Associates rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Harvest.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh a dhíríonn ar infheistíochtaí i gceannach thar barr amach cuideachtaí,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh a infheistíonn i gcúig phríomhearnáil de ghnáth é TA Associates, is iad sin earnáil na teicneolaíochta, na seirbhísí airgeadais, cúraim sláinte, tomhaltóirí agus seirbhísí gnó i Meiriceá Thuaidh, san Eoraid agus san Áise,

— Cruthaíonn agus dearann Harvest réitigh dhigiteacha agus bogearraí le haghaidh gairmithe san earnáil bainistíochta rachmais agus airgeadais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11604 — MONTAGU / TA ASSOCIATES / HARVEST

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË